



*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2015*


# *Staidéar Foirgníochta Teoiric - Gnáthleibhéal*

*(200 marc)*

*Dé hAoine, 12 Meitheamh  
Tráthnóna, 2:00 go 4:30*

- (a) Freagair **Ceist 1** agus **trí** cheist eile.
- (b) Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.
- (c) Ní mór na freagraí a scriobh i ndúch.
- (d) Ní mór na líniochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.
- (e) Scriobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.
- (f) Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairisci scriofa a léiriú.
- (g) Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonrai riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líniocht.

1. Taispeánann an sceitse díon tílithe ar phóirse tosaigh. Tá leithead inmheánach 2.0 méadar sa phóirse. Is díon gearrtha traidisiúnta é an díon, tá insliú ann, agus tá claonadh  $30^\circ$  ann. Tá díon an phóirse á iompar ar bhlocbhalla seachtrach coincreíte 400 mm a bhfuil cuas 200 mm ann agus é inslithe go hiomlán. Is iad toisí na rachtaí agus ghiarsaí na síleála ná 200 mm  $\times$  40 mm. Tá plástarchlár inslithe feistithe ar an taobh iochtarach de ghiarsaí na síleála.




- (a) Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí leath amháin de dhíon an phóirse agus taispeáin fad rachta amháin. Taispeán na gnáthshonraí tógala ó phointe atá 400 mm faoi bhun an mhaide balla, tríd an mballa agus trí na sceimhleacha suas go dtí an maide mullaigh. Taispeán **trí** chúrsa tileanna ag leibhéal na sceimhleacha. Bíodh **ceithre** ghnáth-thoise agat.
- Nóta:** Ní gá an doras tosaigh a thaispeáint.

- (b) Taispeán ar do líníocht modh **amháin** chun an maide balla a fheistiú ar an mballa seachtrach.

2. Taispeántar sa sceitse teach cónaithe a tógadh breis is 40 bliain ó shin. Is blocbhalla soladach coincreíte é an balla seachtrach. Tá sé 300 mm ar leithead agus tá cuas 100 mm ann. Níl aon insliú sa chuas. Tá sé beartaithe an balla seachtrach a insliú mar seo:

- an cuas a liónadh le hinsliú  
**agus**
- córas inslithe seachtrach a chur leis an mballa.



- (a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin na céimeanna atá le leanúint chun **gach** córas inslithe diobh sin a chur leis an mballa.
- (b) Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hinsliú a chur le ballaí seachtracha an tí.

3. (a) Bain úsáid as léaráid aonlínéach agus lipéid uirthi, agus taispeán an phíbobair atá riachtanach chun uisce **te** agus uisce **fuar** a sholáthar do chithfholcadán measctha, agus chun uisce **fuar** a sholáthar do leithreas, mar a thaispeántar sa sceitse.

Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:

- an príomhphíobán ardaitheach agus an t-umar stórála uisce
- an sorcórí don uisce te
- an ghnáth-phíbobair don chithfholcadán measctha agus don leithreas
- na comhlaí riachtanacha uile.




Cuir isteach ar do léaráid insliú an umair stórála uisce san áiléar agus insliú na píboibre uile.

- (b) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus taispeán **dhá** mhodh chun úsáid an uisce sa seomra folchta a laghdú.

4. Taispeánann an chuid scáthaithe den léarscáil láithreán **A** do theach. Taispeántar freisin suíomh an tí **B**, agus an bóthar **C-C**.

- (a) Tarraing sceitse móir saorláimhe den láithreán a thugtar. Taispeán ar do sceitse an suíomh is rogha leat do **gach ceann** diobh seo a leanas:

- an bealach isteach sa láithreán ag an mbóthar
- an cabhsán ón mbealach isteach go dtí an teach
- an t-umar múnláigh agus an láthair shíothlúcháin.




- (b) I gcás **gach** ceann acu sin thusa, pléigh cúis **amháin** ar roghnaigh tú an suíomh a mholann tú.

- (c) Tá sé beartaithe tuilleadh crann a chur ar an láithreán. Mol dhá shaghas crainn a bheadh oiriúnach agus taispeán ar an sceitse cén áit ar an láithreán a gcuirfeá na crainn. Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis na crainn a mholann tú a chur ar an láithreán.


5. Iompraíonn fotha stéille traidisiúnta an balla seachtrach i dteach cónaithe, mar a thaispeántar sa sceitse. Is de thógáil fráma adhmaid é an balla seachtrach. Tá duille amuigh de bhloic choincreíte 100 mm ann, cuas 50 mm, agus duille istigh de fhráma adhmaid inslithe atá 200 mm ar leithead. Is urlár inslithe coincreíte é urlár na talún agus bailchríoch de thileanna cairéil 20 mm air.

- (a) Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an bhfotha, tríd an mballa seachtrach agus trí urlár na talún. Taispeán na gnáthshonraí tógala ó bhun an fotha, tríd an mballa agus trí urlár na talún go leibéal 400 mm os cionn leibhéal an urláir chríochnaithe. Taispeán bacainn an radóin agus **ceithre ghnáth-thoise**.
- (b) Taispeán go soiléir ar do líniocht, suíomh an inslithe sa bhalla **agus** san urlár.



6. (a) I gcás **gach** ceann díobh seo a leanas, tarraing an comhartha sábháilteachta ar leith a thaispeánann na píosaí seo a leanas de threalamh cosanta pearsanta (*PPE i mBéarla*):

- lámhchosaint
  - cluaschosaint
  - súlchosaint.
- (b) I gcás **gach** ceann díobh sin thusa, luaigh cuid **amháin** ar leith den obair inar chóir an trealamh cosanta pearsanta a thaispeán tú a chaitheamh ar láithreán tógala.
  - (c) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghníomhaíocht i seomra an Staidéir Fhoirgníochta ina moltar trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh.



7. Baintear úsáid as buta uisce chun uisce fearthainne a bhailiú ó dhíon claonta, mar a thaispeántar.

- (a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeán an phíobair is gá chun an t-uisce fearthainne a bhailiú ón díon agus a stóráil sa bhuta uisce.
- (b) Pléigh **dhá** buntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le buta uisce a úsáid chun uisce fearthainne a stóráil.
- (c) Pléigh **dhá** chúis a bhfuil sé inmholta uisce fearthainne a bhailiú.




8. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínígh **cúig cinn** ar bith díobh seo a leanas:

- déadalt bosca
- druilire gan sreang
- stálú nádúrtha
- gloiniú triarach
- clár sciorta
- lindéar coincreíte
- painéal gréine
- feistiú comhbhrú
- bacainn radóin.

9. Taispeántar sa sceitse cuid de bhord adhmaid. Lena úsáid lasmuigh a dearadh an bord.

- (a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeán alt atá oiriúnach chun ráille amháin a shiúntáil le cos an bhoird. Tabhair fáth **amháin** ar roghnaigh tú an t-alt seo.
- (b) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan plé ar **dhá** ghné den dearadh a dhéanann an bord oiriúnach lena úsáid lasmuigh.
- (c) Mol bailchríoch oiriúnach don bhord. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar na céimeanna atá riachtanach chun an t-adhmaid a ullmhú agus an bhailechríoch a mholtar a chur ar bharr an bhoird.



**Leathanach Bán**